Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

13336/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0261(NLE)**

SCH-EVAL 200
FRONT 283
COMIX 412

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12681/23 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar chur i bhfeidhm acquis Schengen ag an **Danmhairg** i réimse **bhainistiú na dteorainneacha seachtracha** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 a rinne an Danmhairg ar *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 25 Meán Fómhair 2023.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar chur i bhfeidhm *acquis* Schengen ag an Danmhairg i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha i leith na Danmhairge i mí Mheán Fómhair 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme [C(2023) 1100] ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina bhfuil na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh ag an Danmhairg chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, go háirithe cosaint na dteorainneacha seachtracha agus seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine ar theacht isteach dóibh, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme na moltaí a bhaineann le rialú bhainistiú comhtháite na dteorainneacha san Eoraip (1), tuairisciú le haghaidh an phróisis measúnaithe leochaileachta (4), anailís riosca (9), an léiriú ar an staid náisiúnta (14), acmhainní daonna (16), oideachas agus oiliúint (20), cáilíocht na seiceálacha teorann (23) agus faireachas ar theorainneacha farraige (32).

(3) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(4) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922[1] ón gComhairle ón 1 Deireadh Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, na gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin a bhaineann leis na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta.

(5) Laistigh de 2 mhí tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/922 ón gComhairle, ba cheart don Danmhairg plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Danmhairg an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

gur cheart don Danmhairg an méid seo a leanas a dhéanamh:

[1] Rialachán (AE) Uimh. 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L160, 15.6.2022, lch. 1.

**Rialú náisiúnta bhainistiú comhtháite na dteorainneacha san Eoraip**

1. rialú éifeachtach bhainistiú comhtháite na dteorainneacha san Eoraip a áirithiú, sin agus forléargas agus comhordú náisiúnta comhleanúnach ar rialú teorann ar an leibhéal náisiúnta, mar shampla trí fheidhm i ndáil le comhordú straitéiseach an rialaithe teorann a bhunú i bPóilíní Náisiúnta na Danmhairge; acmhainní daonna iomchuí a áirithiú, mar aon le huirlisí dlíthiúla agus uirlisí nós imeachta le haghaidh chomhordú straitéiseach an rialaithe teorann i bPóilíní Náisiúnta na Danmhairge;

2. a áirithiú go ndéanfar feidhmeanna rialaithe teorann a chur chun feidhme i bPóilíní Náisiúnta na Danmhairge ar bhealach atá aontaithe, comhordaithe agus éifeachtach a dhóthain;

**Sásra náisiúnta um rialú cáilíochta**

3. sásra náisiúnta éifeachtúil um rialú cáilíochta a bhunú lena gcumhdófar gach comhchuid de bhainistiú comhtháite na dteorainneacha san Eoraip, go háirithe faireachas ar theorainneacha farraige agus seiceálacha teorann; foráil a dhéanamh maidir le meastóireachtaí córasacha a dhéanfaidh na príomhúdaráis náisiúnta a bhfuil baint acu le rialú teorann; a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar na meastóireachtaí sin ar bhealach éifeachtach prapúil;

4. na sonraí is gá le haghaidh an phróisis measúnaithe leochaileachta a dhéanann Frontex a bhailiú, a bhailíochtú agus a sholáthar, lena n-áirítear sonraí maidir le hoiliúint i gcomhair Cheannasaíocht Cosanta na Danmhairge, faireachas muirí (líon na n-uaireanta an chloig a mbíonn acmhainní aeir ag eitilt lena n-aghaidh, líon na n-uaireanta an chloig a mbíonn acmhainní muirí ar patról lena n-aghaidh), líon na gcuardach i mbunachar sonraí Interpol 'Doiciméid Taistil a Goideadh agus a Cailleadh', líon na gcuardach ó Chóras Faisnéise Schengen faoi réada, agus an rannchuidiú a tugadh don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach (acmhainneacht óstála ag na pointí trasnaithe teorann agus ag codanna den teorainn), chun Airteagail 11(1), 12(1) agus 32(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach a chomhlíonadh;

**Comhar idirghníomhaireachta**

5. an comhar foirmiúil leis na húdaráis custam i réimse na gcúraimí rialaithe teorann a fhorbairt a thuilleadh agus pleananna comhair a bhunú ina mbeidh gníomhaíochtaí soiléire, malartú faisnéise agus anailís riosca, mar aon le hoibríochtaí comhpháirteacha;

**Comhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta**

6. bearta náisiúnta a thabhairt isteach lena n-áiritheofar gur féidir oifigigh Bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh ar chríoch na Danmhairge, cumhachtaí feidhmiúcháin a bheith acu agus rochtain a thabhairt dóibh ar bhunachair sonraí ábhartha chun a gcuid cúraimí a chur i gcrích;

7. na seirbhísí a chuireann Frontex ar fáil a úsáid agus a chomhroinnt chun rialú teorann a fhorbairt agus a éascú, mar shampla an Bunachar Sonraí maidir le Soithí ar Díol Spéise iad, na Seirbhísí Cumaisc agus eile;

**Anailís riosca**

8. líon leordhóthanach ball foirne a áirithiú chun anailís riosca a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen);

9. anailís riosca a chur ar fáil go rialta ar an leibhéal straitéiseach, oibríochtúil agus beartach agus an anailís sin a scaipeadh ar gach leibhéal agus ar na húdaráis náisiúnta uile a bhfuil baint acu le rialú teorann; na próifílí riosca a nuashonrú go rialta ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an cheantair agus ar an leibhéal áitiúil;

10. na táirgí anailíse riosca a ailíniú ar an leibhéal áitiúil leis an tSamhail Choiteann Chomhtháite Anailíse Riosca trí leochaileachtaí agus tionchar a chur san áireamh; líon na n-anailísithe oilte ag aerfoirt Chóbanhávan agus Billund a mhéadú; oiliúint speisialaithe a chur ar fáil don fhoireann atá freagrach as anailís riosca, sin agus modheolaíocht shoiléir a áirithiú chun tacú lena gcuid oibre (e.g. lámhleabhar);

11. a áirithiú go mbeidh a ndóthain feasachta ag gardaí teorann ar phróifílí riosca faoi throdaithe eachtracha sceimhlitheoireachta;

**Feasacht ar an staid náisiúnta agus Eorpach agus córas luathrabhaidh – EUROSUR**

12. líon leordhóthanach ball foirne oilte a áirithiú le haghaidh an Lárionaid Náisiúnta Comhordúcháin chun feidhmiúlacht 24/7 a ráthú agus chun na cúraimí a chomhlíonadh mar a iarrtar in Airteagal 21(7) agus 21(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus Airteagail 15 agus 16 de Chód Teorainneacha Schengen;

13. na sraitheanna oibríochtúla agus anailíse a bhunú agus a úsáid in EUROSUR i gcomhréir le hAirteagal 24(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2019/1896;

14. léiriú ar an staid náisiúnta a bheidh comhleanúnach agus iomlán a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1896; comhar feidhmiúil idirghníomhaireachta a bhunú chun feasacht iomlán ar an staid agus acmhainní freagartha iomchuí a ráthú;

**Cumais náisiúnta maidir le rialú teorann**

15. plean náisiúnta forbartha cumais a dhréachtú agus a ghlacadh bunaithe ar rannchuidiú na n-údarás náisiúnta uile a bhfuil baint acu le rialú teorann mar a leagtar amach in Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2019/1896;

**Acmhainní daonna**

16. líon na mball foirne speisialaithe a mhéadú mar ábhar práinne chun roinnt feidhmeanna a bhaineann le rialú teorann ar an leibhéal náisiúnta a chur chun feidhme go héifeachtúil (comhordú straitéiseach, rialú bhainistiú comhtháite na dteorainneacha san Eoraip, anailís riosca, feasacht ar an staid, cur chun feidhme EUROSUR, cur chuige straitéiseach maidir le seiceálacha agus faireachas ar theorainneacha farraige, sásra náisiúnta um rialú cáilíochta, tuairisciú comhleanúnach maidir le measúnú leochaileachta agus eile) mar a cheanglaítear le hAirteagal 15 de Chód Teorainneacha Schengen;

17. pleanáil straitéiseach chomhleanúnach agus acmhainní daonna leordhóthanacha a áirithiú ar leibhéal an cheantair chun cúraimí rialaithe teorann a dhéanamh mar a cheanglaítear le hAirteagal 15 de Chód Teorainneacha Schengen;

18. líon na n-oifigeach atá oilte chun calaois doiciméad ag na teorainneacha farraige a bhrath a mhéadú i ngach ceantar póilíneachta ar mhaithe le leibhéal an tsaineolais maidir le calaois doiciméad a fheabhsú;

**Oideachas agus oiliúint**

19. feabhas a chur ar ábhar an chláir oiliúna maidir le rialú teorann náisiúnta i bPóilíní Náisiúnta na Danmhairge trína ábhar a chur in oiriúint do riachtanais na n-oifigeach céadlíne agus trína áirithiú go ndéanfar an oiliúint bhunúsach a ailíniú a thuilleadh le Croíchuraclam Comhchoiteann Frontex;

20. córas comhleanúnach comhchuibhithe a bhunú le haghaidh oiliúint leanúnach agus speisialaithe maidir le rialú teorann ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Chód Teorainneacha Schengen; pleanáil bhliantúil náisiúnta agus áitiúil a thabhairt i gcrích le haghaidh oiliúint leanúnach speisialaithe a bhaineann le rialú teorann trí na nithe seo a leanas a chur san áireamh, i measc nithe eile: cláir oiliúna céadlíne agus dara líne, cúrsaí áitiúla maidir le seiceálacha teorann agus doiciméad, úsáid trealaimh, oiliúint gardaí sibhialta teorann agus oiliúint ábhartha eile a bhaineann le rialú teorann;

**Pleanáil theagmhasach**

21. an plean teagmhasach a chur i gcrích ina mbeidh na gnéithe seo a leanas: tairseacha le haghaidh an ghéaraithe, bealaí cumarsáide agus comhroinnt faisnéise leis na Ballstáit chomharsanachta agus le hinstitiúidí agus eagraíochtaí AE agus idirnáisiúnta, nó iarrataí faisnéise uathu, nósanna imeachta chun mear-idirghabháil Frontex a iarraidh, liosta saoráidí a d'fhéadfadh a bheith ina n-ionaid cóiríochta sealadaí, buan-nósanna imeachta oibríochta maidir le clárú, scagadh, glacadh cuntais, a léiriú go bhfuil sé de rún ag duine iarratas ar thearmann a dhéanamh ag an teorainn, agus acmhainní airgeadais;

**Cáilíocht agus nós imeachta na seiceálacha teorann**

22. a áirithiú go ndéanfar an nós imeachta um maraithe agus paisinéirí a sheiceáil i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 19 agus i gcomhar le hIarscríbhinn VI, pointe 3.1.1 de Chód Teorainneacha Schengen, trí sheiceálacha a dhéanamh ar theacht isteach agus ar imeacht do mharaithe agus do phaisinéirí ag pointí trasnaithe teorann farraige tráth na bordála nó na díbhordála;

23. feabhas a chur ar cháilíocht na seiceálacha teorann ag na teorainneacha aeir agus iad a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 8(2), 8(3) agus 8(6) de Chód Teorainneacha Schengen, arna léamh i gcomhar le Treoir 2004/38/CE, trí chur leis an eolas atá ag gardaí teorann ar Chód Teorainneacha Schengen, go háirithe na coinníollacha iontrála agus úsáid chuí trealaimh seiceála teorann;

24. maidir leis an nós imeachta um sheiceáil a dhéanamh ar chriú farraige sibhialtach atá ag bordáil agus ag díbhordáil long atá ag fanacht i ród, nó seiceáil a dhéanamh orthu le linn an phasáiste, a áirithiú nach ndéanfar an nós imeachta sin ach amháin ag an gcalafort nó i limistéar atá curtha ar leataobh chun na críche sin agus atá suite díreach in aice leis an soitheach, i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 19 arna léamh i gcomhar le hIarscríbhinn VI, pointe 3.1.1 de Chód Teorainneacha Schengen;

25. seiceálacha teorann córasacha a áirithiú ar gach bád pléisiúir ag teorainneacha farraige seachtracha na Danmhairge mar a cheanglaítear le hAirteagail 8 agus 19 i gcomhar le hIarscríbhinn VI, pointe 3.2.5, de Chód Teorainneacha Schengen; maidir le báid phléisiúir a thagann ó thríú tír nó a imíonn chuig tríú tír, a áirithiú nach gceadófar dóibh feistiú ach amháin ag na pointí trasnaithe teorann i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Chód Teorainneacha Schengen;

26. na nósanna imeachta um sheiceálacha teorann ar mhionaoisigh ag Aerfort Aarhus a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 20 arna léamh i gcomhar le pointí 6.1, 6.2 agus 6.3 d'Iarscríbhinn VII de Chód Teorainneacha Schengen agus an oiliúint shonrach do ghardaí teorann ar an ábhar sin a mhéadú;

27. an nós imeachta um dhiúltú cead isteach a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 14(4) de Chód Teorainneacha Schengen trína áirithiú nach dtéann náisiúnach tríú tír a ndiúltaítear cead isteach dó isteach i gcríoch na Danmhairge i ngach cás;

28. an fhoirm chaighdeánach um dhiúltú cead isteach a thabhairt i gcomhréir le hIarscríbhinn V, cuid B, de Chód Teorainneacha Schengen agus liosta dlíodóirí a chur ar fáil do na daoine ar diúltaíodh cead isteach dóibh;

29. an cleachtas maidir le fíneálacha a ghearradh ar aeriompróirí a thabhairt i gcomhréir le Treoir 2001/51/CE ón gComhairle agus le Treoir 2004/82/CE ón gComhairle;

30. an nós imeachta um víosaí a eisiúint ag an teorainn a thabhairt i gcomhréir le hAirteagail 35(1) agus 36(1) den Chód Víosaí tríd an trealamh is gá a shuiteáil agus oiliúint a chur ar fáil don fhoireann; a áirithiú go n-úsáidfear an fhoirm iarratais chaighdeánach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCód Víosaí;

31. na nósanna imeachta um eitiltí príobháideacha a sheiceáil a thabhairt i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, pointe 2.3.1, i gcomhar le hAirteagal 19 de Chód Teorainneacha Schengen, trína áirithiú go bhfaighfear dearbhuithe ginearálta a bheidh líonta isteach go cuí;

**Faireachas ar theorainneacha farraige**

32. a áirithiú go ndéanfar faireachas ar theorainneacha farraige i gcomhréir le hAirteagal 13 de Chód Teorainneacha Schengen, trí raon feidhme soiléir agus cuspóirí straitéiseacha a áireamh sa chomhaontú arna bhunú idir Póilíní Náisiúnta na Danmhairge agus Ceannasaíocht Cosanta na Danmhairge, más gá; buan-nósanna imeachta oibríochta, treoirlínte, pleananna gníomhaíochta coincréiteacha nó aon mhodheolaíocht eile maidir le faireachas ar theorainneacha farraige a bhunú chun bainistiú a dhéanamh ar theorainneacha seachtracha mar a shainítear i gCód Teorainneacha Schengen;

33. anailís riosca a bhunú le haghaidh faireachas ar theorainneacha farraige i gcomhréir leis an tSamhail Choiteann Chomhtháite Anailíse Riosca a iarrtar in Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Costas Eorpach;

34. malartú sonraí córasach rialta a áirithiú idir Póilíní Náisiúnta na Danmhairge agus Ceannasaíocht Cosanta na Danmhairge chun faireachas a dhéanamh ar theorainneacha farraige ar mhaithe le léiriú ar an staid náisiúnta ar muir a bheidh iomlán agus cuimsitheach a bhunú; é a roinnt leis na húdaráis náisiúnta ábhartha uile ar an leibhéal lárnach agus ar leibhéal an cheantair;

35. oiliúint maidir le faireachas ar theorainneacha farraige a chur ar fáil do Phóilíní Náisiúnta na Danmhairge agus do Cheannasaíocht Cosanta na Danmhairge i gcomhréir lena róil shonracha i bhfaireachas ar theorainneacha farraige mar a leagtar amach in Airteagal 16 de Chód Teorainneacha Schengen;

**Aerfort Chóbanhávan**

36. pleanáil agus úsáid cheart oifigeach céadlíne ag Aerfort Chóbanhávan a áirithiú ionas go mbeidh sreabhadh réidh paisinéirí ann, sin agus dóthain ama le haghaidh seiceálacha éifeachtúla teorann;

37. líon leordhóthanach póilíní a áirithiú a bhfuil taithí acu agus a bhfuil an saineolas gairmiúil is gá acu chun déileáil leis an réimse leathan cúraimí gardála teorann ag Aerfort Chóbanhávan;

**Calafort Chóbanhávan**

38. na seiceálacha ar mhairnéalaigh atá ag dul i dtír a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 20 arna léamh i gcomhar le hIarscríbhinn VII pointe 3 de Chód Teorainneacha Schengen trína sheiceáil an bhfuil leabhar mairnéalach ina seilbh acu;

39. an cleachtas i ndáil le cinntí maidir le diúltú cead isteach a eisiúint do dhaoine neamh-inghlactha nach bhfágann an long chúrsála agus nach n-iarrann rochtain ar an gcríoch, an cleachtas sin a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 19, Iarscríbhinn VI, pointí 3.2.2 agus 3.2.3 de Chód Teorainneacha Schengen;

**Calafort Esbjerg**

40. a áirithiú go ndéanfaidh gardaí teorann seiceálacha rioscabhunaithe ar mhodhanna iompair agus ar a bpáirteanna inmheánacha trí chigireacht fhisiciúil agus trí threalamh teicniúil sonrach nó foirne cainíneacha a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 19 agus i gcomhar le hIarscríbhinn VI pointe 3.2.9(g) de Chód Teorainneacha Schengen; a áirithiú go mbeidh rochtain ag gardaí teorann ar phróifílí riosca agus ar tháscairí riosca, arb é is aidhm dóibh an riosca i leith na hinimirce neamhdhleathaí agus na coireachta trasteorann a bhaineann le hiompar trucailí a shainaithint ar bhealach leormhaith.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*